C/2026/3490

1.7.2026

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12213 — PIF / ELECTRONIC ARTS)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2026/3490)

1. An 16 Meitheamh 2026, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Daak-Eagle AcquireCo, Inc. ('AcquireCo', Stáit Aontaithe Mheiriceá), faoi rialú Public Investment Fund, ('PIF', an Araib Shádach)

— Electronic Arts Inc. ('EA', Stáit Aontaithe Mheiriceá).

Gheobhaidh PIF rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar EA ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is é PIF ciste infheistíochta Stáit Ríocht na hAraibe Sádaí. Tá infheistíochtaí díreacha agus indíreacha aige i roinnt earnálacha ar fud na hAraibe Sádaí agus ar fud an domhain, lena n-áirítear earnálacha an bhia agus na talmhaíochta, an fhuinnimh, na hearnála airgeadais, na monaraíochta, an eastáit réadaigh, na lóistíochta agus na seirbhísí digiteacha.

— Is cuideachta siamsaíochta idirghníomhach dhomhanda é EA, a bhfuil a cheanncheathrú i Stáit Aontaithe Mheiriceá, a fhorbraíonn, a mhargaíonn agus a fhoilsíonn físchluichí agus ábhar gaolmhar agus seirbhísí ar líne.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

(Cás M.12213 — PIF / ELECTRONIC ARTS)

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').